



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2008

**AISTRIÚCHÁN
AR SCÉIM MHARCÁLA**

GAEILGE

ARDLEIBHÉAL



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

AN ARDTEISTIMÉIREACTH 2008

SCÉIM MHARCÁLA

GAEILGE

ARDLEIBHÉAL

SCRÚDUI THE TEISTIMÉIREACHTA, 2008**GAEILGE****ARDTEISTIMÉIREACHT, ARDLEIBHÉAL****SCÉIM MHARCÁLA****PÁIPÉAR I (170 marc)****CEIST 1****- CEAPADÓIREACHT -****100 marc**

- (a) Ionramháil Ábhair = 20 marc
 {
 (b) Cumas Gaeilge = 80 marc } 20 + 80 = 100

[Cumas Gaeilge = (i) fairsingeacht agus saibhreas Stór Gaeilge an iarrthóra, móide (ii) beachtas maidir le máistreacht cruinnúsáide ar na príomhghnéithe de cheart na Gaeilge.]

Nóta:

Caithfidh an Scrúdaitheoir Cúnta an marc a bhronntar as 20 (Ábhar) agus an marc a bhronntar as 80 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir ag bun na hiarrachta ceapadóireachta

AN CHEAPADÓIREACHT**Gnéithe a bhaineann leis an marcáil**

Cé go bhfuil dhá roinn (.i. cumas Gaeilge agus ionramháil ábhair) ag baint leis an gcóras marcála atá ag gabháil leis an gCeapadóireacht, moltar measúnú a dhéanamh ar iarracht an iarrthóra mar aonad.

Cumas Gaeilge (80marc) = (1)fairsingeacht agus saibhreas Stór Gaeilge an iarrthóra móide
 (2)beachtas maidir le máistreacht cruinnúsáide ar na príomhghnéithe de cheart na Gaeilge.

[Príomhghnéithe na Gaeilge= gramadach*, comhréir*, struchtúr, deilbhíocht]

*Agus na mórghnéithe á “marcáil” le peann dearg níor mhór go mbeifí in ann an difríocht a aithint idir botúin mhóra comhréire agus mionghnéithe ghramadaí.

Aicme	Grád/Grád Raon	(1) Stór Gaeilge + (2) Beachtas/Cruinnúsáid
A		
(1) Foclóir-F. agus S. an-mhaith ar fad- sármhaith	A ard	76-80 marc
	A meánach	72-75 marc
(2) Cruinneas an-mhaith ar fad- sármhaith (den chuid is mó)	A íseal	68- 71 marc
B		
(1) Foclóir-F. agus S. an-mhaith	B ard	64-67 marc
	B meánach	60-63 marc
(2) Cruinneas an-mhaith (den chuid is mó)	B íseal	56-59 marc
C		
(1) Foclóir-F. agus S. maith	C ard	52-55 marc
	C meánach	48-51 marc
(2) Cruinneas maith (den chuid is mó)	C íseal	44-47 marc
D		
(1) Foclóir-F. agus S. measartha	D ard	40-42 marc
	D meánach	36-39 marc
(2) Cruinneas measartha (den chuid is mó)	D íseal	32-35 marc
E		
(1) Foclóir- F. agus S. lag	E ard	28-31 marc
	E meánach	24-27 marc
(2) Cruinneas lag (den chuid is mó)	E íseal	20-23 marc
F agus N/G		
(1) Foclóir-F. agus S. an-lag	F ard	16-19 marc
	F meánach	12-15 marc
(2) Cruinneas an-lag	F íseal	8-11 marc
	N/G ard	4-7 marc
	N/G íseal	0-3 marc

Ionramháil Ábhair = (20 marc).

Ba cheart an roinn seo a mheas agus tagairt á dhéanamh do Chumas na Gaeilge.

Ó tharla gurb í an teanga an chóir iompair atá ag na smaointe, bíonn coibhneas i gcónaí idir an Cumas Gaeilge agus Ionramháil an Ábhair. Má bhíonn an chóir iompair fabhtach titfidh an tóin as na smaointe agus caillfidh na smaointe a n-éifeacht. Bíonn sé deacair na smaointe a aimsiú má bhíonn an Ghaeilge lag nó bearnach. Is í an mháistireacht ar an teanga leis na smaointe a ionramháil is tábhachtaí ó thaobh grádú na ceapadóireachta de.

Aicme	Grád	Marc
Ionramháil an-mhaith ar fad → sármhaith	<u>A</u>	17, 18, 19, 20 marc
Ionramháil an-mhaith	<u>B</u>	14, 15, 16 marc
Ionramháil mhaith	<u>C</u>	11, 12, 13 marc
Ionramháil mheasartha	<u>D</u>	8, 9, 10 marc
Ionramháil lag	<u>E</u>	5, 6, 7 marc
Ionramháil an-lag	<u>F/NG</u>	0, 1, 2, 3, 4 marc

CEIST 2**- LÉAMHTHUISCINT -****70 marc****A (35 mharc)**

- (i) (a) An eachtra a d'fhág muintir an Bhlascaoid faoi bhrón = 3 mharc;
 (b) Príomhchuspóirí rialtas Fianna Fáil dar le de Valera = 4 mharc
- (ii) (a) An fáth ar cailleadh Seáinín gan dochtúir ná sagart = 3 mharc
 (b) An chaoi ar tógadh corp Sheáinín go dtí an mhórthír = 4 mharc
- (iii) (a) An bhaint a bhí ag Marstrander leis an oileán = 3 mharc
 (b) An fáth a samhlaítear an t-oileán mar leaba síl na nualitrichta = 4 mharc
- (iv) (a) An tábhacht a bhain leis an leabhair faoi na Blascaoid = 3 mharc
 (b) An fhaillí a ligeadh i bhforbairt an oileáin = 4 mharc
- (v) (a) An aidhm a bhí leis an mBille sa Seanad = 3 mharc
 (b) Dhá chúis íoróine a bhain leis an mBille = 4 mharc

3 + 4 + 3 + 4 + 3 + 4 + 3 + 4 + 3 + 4 = 35 mharc.

[Gaeilge Iochtach: 0 - 3 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

Freagraí ar Léamhthuisct 2A.

Ceist 1(a) Cén eachtra a d'fhág muintir an Bhlascaoid Mhóir faoi bhrón?

(2+1) = 2mharc ar eolas + 1marc ar ionramháil/

(2+0) = 2m. ar eolas + 0m muna ndéantar ionramháil.

“Ba é sin bás Sheáinín Sheáin Team Uí Chearnaigh ar an 10ú lá d'Eanáir 1947.”

Cailleadh/bhásaigh /sciob /rug an bás leis Seáinín Sheáin Team Uí Chearnaigh.

Ceist (1b) Cérbh iad príomhchuspóirí rialtas Fhianna Fáil dar le hÉamonn de Valera? (3+1) = 3mharc ar eolas + 1marc ar ionramháil

(3+0) = 3mharc ar eolas + 0 marc muna ndéantar ionramháil.

“D’fhógair E. de Valera go mbeadh athbheochan na Gaeilge agus caomhnú oidhreacht na hÉireann ar phríomh-chuspóirí a rialtais.”

Tá an dá rud riachtanach mar tá cuspóirí san iolra. (Bain marc den eolas mura luaitear ach ceann amháin agus léirigh mar seo: (3-1+1) ionramháil déanta nó (3-1+0) gan ionramháil déanta.

*** Nuair a bhíonn dhá phíosa eolais ag teastáil ní gá ionramháil a dhéanamh ach ar cheann amháin.**

- *An Ghaeilge a chur chun cinn arís.*
- *Ár gcultúr / ár saíocht a chosaint/ a choiméad.*

Ceist 2(a) Cén fáth ar cailleadh Seáinín Sheáin Team gan dochtúir ná sagart taobh leis? (2+1).

“ toisc an drochstoirm a bhí ag séideadh le trí lá roimhe sin bhí an raidió teileafóin briste, agus anuas air sin, ní rabhtas in ann dul go dtí an mhóirthír”

- *De bharr go raibh drochstoirm ag séideadh ní raibh said ábalta glaoch ar shagart /ar dhochtúir ar an bhfón mar bhí an ceangal teileafóin leis an móirthír briste.*
- *De bharr go raibh droch stoirm ann, ní raibh daoine ábalta dul ar an bhfarraige.*

*Drochstoirm + raidió teileafóin briste nó
drochstoirm + ní raibh said in ann dul ar an bhfarraige
drochstoirm leis féin = 1marc*

Ceist 2(b) Cén chaoi arbh éigean corp Sheáinín a thabhairt go dtí an mhórthír

lena adhlacadh? 4 mharc (gan ionramháil)

“Ar deireadh b’ éigean do bhád tarrthála Dhairbhre an chónra a thabhairt chun an oileáin agus corp Sheáinín a thabhairt ar ais lena a adhlacadh i reilig Dhún Chaoin.”

Bád tarrthála (Dhairbhe) = 4 mharc

Bád leis féin = 0 marc

- *Chaith bád tarrthála Dhairbhe corp Sheáinín a thabhairt ón mBlascaod go Dún Chaoin chun é a chur.*
- *Bhí ar bhád tarrthála Dhairbhe fóirithint ar na Blascaodaigh chun corp Sheáinín a thabhairt ón oileán go dtí an reilig lena chur i nDúnchaoin.*

Ceist 3(a) Cén bhaint a bhí ag Carl Marstrander leis an oileán? (1pht)

(3mharc gan ionramháil)

“I 1907 tháinig Carl Marstrander, scoláire mór agus teangeolaí ón bhFionlainn, go dtí an t-oileán chun an Ghaeilge a fhoghlaim”

“ Ba é Marstrander ba mhó a mhúscail bród na n-oileánach as a n-oidhreacht.”

“ ba é a chuir mac léinn leis, Robin Flower, chun an Bhlascaoid Mhóir

Tháinig sé go dtí an Blascaod = 1marc.

- *Tháinig sé chun an Ghaeilge a fhoghlaim.*
- *Spreag sé mórtas na n-oileánach as a gcultúr.*
- *Spreag sé R. Flower chun dul ar an mBlascaod.*

Ceist 3(b) Cén fáth a samhlaítear an t-oileán mar leaba síl nualitríocht na Gaeilge? (3+1)

Foilsíodh tuile litríochta le húdair Bhlascaodacha, cuid de shaothair mhóra chlasaiceacha na Gaeilge ina measc, *An tOileánach* le Tomás Ó Criomhthain, *Peig* le Peig Sayers agus *Fiche Blian ag Fás* le Muiris Ó Súilleabháin, mar shampla.

Liosta leabhar leis féin gan fáth gan léiriú = 1marc.

- *Thosaigh a lán daoine ón mBlascaod ag cur peann ar phár agus ag scríobh leabhar.*
- *Tháinig a lán/mórchuid litríochta ó scríbhneoirí Blascaodacha m.sh....*

Ceist 4(a) Cén tábhacht a bhain leis na leabhair a foilsíodh faoin mBlascaod

Mór? (1 pht). (2+1)

“De bharr na leabhar seo cuireadh suim an-mhór i saol mhuintir an Bhlascaoid Mhóir.”

“Cuireadh suntas sa naomhóg, bád suaithinseach an oileáin, sa chaoi is go ndearnadh siombail aisti d’fhéiniúlacht is de shaíocht an oileáin”

“Cuireadh eolas freisin ar stór focal éagsúil saibhir na hiascaireachta “

Cuireadh eolas ar stór focal an dúlra sa Ghaeilge.

“D’fhás turasóireacht na Gaeilge chun an oileáin.”

- *Mhéadaigh sé an spéis a bhí ag daoine i saol mhuintir an oileáin.*
- *Cuireadh suim sa naomhóg agus ceanglaíodh an naomhóg le saol an oileáin.*
- *Bhí foclóir / focail nua iascaireachta ar fáil.*
- *Bhí foclóir / focail nua a bhain leis an nádúir ar fáil.*
- *Tháinig i bhfad Eireann níos mó turasóirí cultúrtha chun an oileáin / daoine ag foghlaim Gaeilge.*

Ceist 4(b) Cén fhaillí a ligeadh i bhforbairt an oileáin? (2 pht) (3+1)

“Níor tógadh céanna cearta do na báid;”

“fágadh an córas cumarsáide teileafóin leis an mórthír go hainnis,”

“agus níor íocadh na hoileánaigh i gceart as an gcóir a chuiridís ar lucht foghlama na Gaeilge.”

“Rinneadh neamhshuim d’fhorbairt eacnamaíochta an oileáin”

“Ach seachas.....go dtí bun an ailt” = Bain marc den eolas de bharr go bhfuil sé iomarcach.

An abairt dheireanach “Lean an bhochtaineacht.....bás” = 0 marc.

- *Ní dhearna siad forbairt / feabhas a chur ar na céanna.*
- *Ní dhearna siad forbairt / feabhas a chur ar an gceangal teileafóin idir an Blascaod agus an mórthír.*
- *Ní bhfuair na hoileánaigh pá ceart as an méid a chuireadar ar fáil do dhaoine a bhí ag iarraidh Gaeilge a fhoghlaim.*

Ceist 5 (a) Cén aidhm a bhí leis an mBille a léadh sa Seanad i 1989? (2+1)

“Beartaíodh faoin mbille seo an Blascaod Mór a cheannach ó úinéirí na talún ann d’fhonn Páirc Náisiúnta Stairiúil a chruthú ar an oileán”

- *Páirceanna Náisiúnta Stairiúla a chruthú = 2+1 marc*
- *“D’fhonn Páirc Náisiúnta Stairiúil a chruthú ar an oileán” = 2+0 marc*
- *An Blascaod Mór a cheannach ó úinéirí na talún = 1+0 marc nó 1+1 má dhéantar ionramháil.*

Ceist 5(b) Cén dá chúis íoróine a bhaineann leis an mBille? (2Chúis) (3+1)

“céim síos tubaisteach a bhí ann do Ghaeltacht ar bith, agus don tír i gcoitinne, páirc náisiúnta stairiúil a chur in áit pobal beo beathach.”

“go dtógfadh sé go dtí 2005 le stádas nua an Bhlascaoid Mhóir a dhaingniú i ndlí na hÉireann ... agus go bhfuil cúpla bac bóthair ar phlean an rialtais le sárú fós!

- *In ionad iarracht a dhéanamh muintir an oileáin a choiméad ar an mBlascaod beartaíodh Páirc Náisiúnta a dhéanamh dó.*
- *Thóg sé blianta fada ó 1989 – 2005 glacadh leis an athrú seo / leis an bplean seo / don mBlascaod de bharr deacrachtaí dlí agus níl gach ní socraithe fós.*

B (35 mharc)

- | | | | |
|-------|-----|---|--------------------|
| (i) | (a) | An fáth leis an gcruinniú agóide ag Bono agus Geldof | = 3 mharc |
| | (b) | An cruinniú a bhí ar siúl taobh istigh den chaisleán | = 4 mharc |
| (ii) | (a) | An fáth ar tháinig Alvira go hÉirinn | = 3 mharc |
| | (b) | An fáth a dtugtar “an t-ór dubh” ar an gcaife | = 4 mharc |
| (iii) | (a) | An aidhm ata leis an ngluaiseacht Fairtrade | = 3 mharc |
| | (b) | An dá aidhm atá leis an lipéad ar na prócaí caife | = 4 mharc |
| (iv) | (a) | Cuid thábhachtach de straitéis mhargaíochta CafeDirect | = 3 mharc |
| | (b) | An rud is luachmhaire a d’fhéadfaí a thabhairt do na páistí | = 4 mharc |
| (v) | (a) | An tionchar a bhí ag an gCoiste ar na comhlachtaí | = 3 mharc |
| | (b) | Dhá rud aléiríonn dóchas don todhchaí? | = 4 mharc. |
| | | 3 +4 +3 +4 + 3 + 4 +3+4+3+4 | = 35 mharc. |

[Gaeilge Iochtach: 0 - 3 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

[I gcás A agus B, gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht.]

Nóta: Taispeánfar na marcanna a ghnóthaíonn iarrthóirí as an mbuneolas a aimsiú agus as na freagraí a bheith ina bhfocail féin acu ar na scrípteanna. Taispeánfar freisin na marcanna a bhaintear i ngeall ar an nGaeilge a bheith lochtach agus na marcanna a bhaintear i ngeall ar iomarcaíocht san ionad cuí ar na scrípteanna.

Freagraí ar Léamhthuisct 2B

Ceist 1(a) Cén fáth ar eagraigh Bob Geldof agus Bono ceolchoirm le linn chruinniú na G8 i nDún Eideann? (2+1)

“Theastaigh uathu brú a chur ar na ceannairí aird a thabhairt ar chás na dtíortha bochta” **nó** “Theastaigh uathu brú a chur ar na ceannairí aird a thabhairt ar an easpa cóir-thrádála ar fud an domhain”.

- *Theastaigh uathu go gcuirfí brú ar cheannairí na dtíortha saibhre chun rud éigin a dhéanamh faoi dhrochchás na dtíortha agus faoin easpa cothromaíochta i gcúrsaí tradála ar fud na cruinne.*

Ceist 1(b) Cén cruinniú agóide a bhí ar siúl taobh istigh de chaisleán Dhún Eideann?. (3+1)

“Bhí ionadaithe ó chomharchumainn na bhfeirmeoirí caife san Afraic ag agóid in aghaidh an dúshaothraithe atá á dhéanamh orthu (ag na hollchomhlachtaí a cheannaíonn an caife uathu”) *Ní gá é seo a bheith acu.*

- *Bhí feirmeoirí caife ag léirsiú i gcoinne an leatroim / na h-éagóra a bhí á dhéanamh orthu ag ceannathóirí caife.*

Ceist 2(a) Cén fáth ar tháinig Alivera Kiiza go h-Eirinn i ndiaidh chruinniú na G8? (2+1)

“Chuaigh Alivera Kiiza go cathair na Gaillimhe le droch-chás churadóirí na bpónairí caife ina ceantar féin, Karagwe, a chur os comhair an tsaoil.”

- *Chuaigh Alivera go Gaillimh chun a insint do na daoine faoi an drochbhail a bhí a chur ar lucht curtha na bpónairí caife ina h-áit dúchais Karagwe.*

Ceist 2(b) Cén fáth a dtugtar “an t-ór dubh” ar an gcaife? (3+1).

“Mar aon leis an ola tá an caife ar cheann de na táirgí is luachmhaire a thrádáiltear ar domhan.” **nó**

“Íoctar €40 an mála pónairí leis na feirmeoirí, ach faigheann na hollchomhlachtaí €16,000 ar mhála de chaife próiseáilte”

- *Is geall le h-ór é, mar ceannaítear na pónairí ar €40 an mála óna feirmeoirí ach déantar brabús ollmhór as nuair a dhíoltar é ar €16,000 an mála caife próiseáilte.*

Ceist 3(a) Cén aidhm atá ag an n-gluaiseacht idirnáisiúnta Fairtrade? (2+1).

“Tá sé mar aidhm aici feabhas a chur ar shaol na ndaoine a tháirgeann caife, rís, cadás, agus earraí fíodóireachta agus lámhcheirde in áiteanna éagsúla ar fud an domhain.” **nó**

“Íocann siad praghas cothrom leis na táirgeoirí as agcuid earraí agus cabhraíonn said leo a ngnó a chur chun cinn.”

- *Caighdeán maireachtála / beatha na ndaoine a tháirgeann caife rís, cadás a fheabhsú.*
- *Praghas féaráilte / cóir a ioc le na táirgeoirí ionas go gcabhródh sé leo dul chun cinn a dhéanamh ina saol féin.*

Ceist 3(b) Cén dá aidhm atá leis an lipéad speisialta ar na prócaí caife? (3+1).

“Cruthaíonn an lipéad seo nasc idir lucht táirgthe an chaife agus na daoine a ólann é, agus dearbhaíonn sé caighdeán an chaife ag an am céanna.”

- *Tugann sé le fios go bhfuil praghas ceart íochta lena tairgeoirí.*
- *Is ceangal an lipéad idir tháirgeoirí caife agus na daoine a ólann é.*
- *Cinntíonn sé caighdeán an chaife.*

Ceist 4(a) Luaigh cuid thábhachtach de straitéis mhargaíochta Caifé

Direct?.(2+1)

“Is cuid thábhachtach de straitéis mhargaíochta CaiféDirect an phoiblíocht a thugann siad don airgead a chaitheann siad ar fhorbairt na bpobal éagsúil a bhfuil siad i bpáirt leo”

- *Tarraingíonn siad aird an phobail ar an infhéistíocht airgid a dhéanann siad chun fás / forbairt a dhéanamh ar shaol agus ar sheirbhísí na ndaoine a mbíonn siad ag dileáil leo.*

Ceist 4(b) Cén rud is luachmhaire a d’fhéadfaí a thabhairt do na páistí dar le

hAlivera? (3+1)

“Beidh seans ag na daoine anois, dar le hAlivera, a gcuid páistí a chur ar an ollscoil, rud nach bhféadfaí a shamhlú cúpla bliain ó shin. Beidh rogha acu feasta, dar le hAlivera. Ní bheidh iallach orthu dul le feirmeoireacht an chaife mura mian leo é. Beidh deiseanna iontacha acu, dar léi, i gcomparáid lena sinsear rompu.”

- *Deis oideachais trú leibheál a fháil*
- *Ní chaithefidh said dul ag obair ar fheirmeacha caife mura dteastaíonn uathu.*
- *Beidh seansanna / deiseanna acu nach raibh ag a muintir rompu.*
- *Tugann sé saoirse ón sclábhaíocht dóibh.*

Ceist 5(a) Cén tionchar a bhí ag Coiste Chóir-Thrádáil na Gaillimhe ar na comhlachtaí sa chathair sin? (2+1).

Tugadh poiblíocht mhór don togra seo agus níorbh fhada go raibh comhlachtaí na cathrach ag sárú a chéile ag baint úsáide as earraí cóir-thrádála nó á ndíol ina gcuid siopaí.

- *Mhéadaigh an tóir a bhí ag lucht gnó ar earraí cóir-thrádála agus cuireadh ar sheilfeanna na siopaí iad / an lorg – an tóir ag lucht gnó ar earraí cóir-thrádála.*

Ceist 5(b) Luaigh dhá rud a léiríonn dóchas don todhchaí maidir leis an gCóir-Thrádáil.(3+1).

Leanadh sampla na Gaillimhe ar fud na tire. Réitíodh suíomh gréasáin, www.fairtrade.ie; cuireadh tús le Coicís na Cóir-Thrádála a bhíonn ar siúl gach bliain in áiteanna difriúla. In 2007 seoladh leabhar a rianaíonn an dul chun cinn iontach atá déanta ar son na cúise seo, ní hamháin in Eirinn ach ar fud an domhain. Insíonn na figiúirí a scéal féin: díoladh luach 2 bhilliún d'earraí cóir-thrádála ar fud an domhain sa bhliain 2006 agus tá fás bliantúil 20% á thuar sa ghearrthréimhse. Tá tuar mór dóchais ann don todhchaí. Níl ach prócaí caife Fairtrade ar sheilfeanna Marks & Spencers anois. Chomh maith leis sin d'eisigh Bewleys ráiteas le gairid go bhfuil fás mór ar líon na ndaoine óga a lorgaíonn caife cóir-thrádála amháin.

- *Lean lucht gnó in áiteanna eile sampla na Gaillimhe ag díol earraí cóir-thrádála.*
- *Tá a suíomh idir-lín féin ag Fairtrade.*
- *Bíonn coicís spiasalta eagraithe chun aird a tharraingt ar earraí cóir-thrádála gach bliain.*
- *I 2006 ceannaíodh luach 2 bhilliún earraí cóir-thrádála.*
- *Tá siad ag súil le fás de 20% ar dhíol earraí cóir-thrádála amach anseo.*
- *De réir tuairiscí i leabhar a seoladh anuraidh, tá ag éirí leis an gCoiste Cóir-Thrádála a spriocanna agus a n-aidhmeanna a bhaint amach, ar fud na cruinne.*
- *Níl ach caife Fairtrade ar díol i Marks and Spencers.*
- *Deir bainisteoirí Bewleys go bhfuil méadú suntasach ar an méid déagóirí a bhíonn ag lorg caife cóir-thrádála amháin.*

Páipéar II (180 marc)

CEIST 1

- PRÓS -

40 marc

Freagair **A** (Prós Ainmnithe) **nó** **B** (Prós Roghnach).

A - PRÓS AINMNITHE - (40 marc)

- (a) A éifeachtaí a léirítear an t-athrú ar an bpearsa Peadar sa dráma.
(*Lá Buí Bealtaine*) Ionramháil Ábhair = 22 mharc

Nó

A éifeachtaí a léirítear an t-athrú ar an bpearsa Eoin sa scannán.
(*Clare sa Spéir*) Ionramháil Ábhair = 22 mharc

Nó

Dhá theicníocht a lua. An úsáid a bhaintear astu sa saothar a phlé.
(*Lá Buí Bealtaine/ Clare sa Spéir*) Ionramháil ábhair = 22 mharc

Nó

An leiriú ar spórt agus ar spraoi na hóige sa sliocht seo.
(*Fiche Blian ag Fás*) Ionramháil Ábhair = 22 mharc

(b)

Léiriú greannmhar ar phearsana éagsúla san ollscoil
(*Lig Sinn i gCathú*) Ionramháil Ábhair = 13 mharc

Nó

Cuntas an- spéisiúil ar chúlra shaol na hollscoile sa sliocht seo
(*Lig Sinn i gCathú*) Ionramháil Ábhair = 13 mharc

Cumas Gaeilge - (a) agus (b) le chéile = 5 mharc

B - PRÓS ROGHNACH - (40 marc)

Freagair (a) **agus** (b) anseo.

- (a) A éifeachtaí a léirítear an t-athrú ar dhuine de na príomhphearsana.
(*Dráma*)
Teideal an dráma agus ainm an údair. Ionramháil Ábhair = 22 mharc

Nó

A éifeachtaí a léirítear an t-athrú ar dhuine de na príomhphearsana.
(*Scannán*)
Teideal an scannáin agus ainm an stiúrthóra. Ionramháil Ábhair = 22 mharc

Nó

Dhá theicníocht a lua. Plé ar éifeacht na dteicníochtaí sin sa saothar.

(Dráma)

Teideal an dráma agus ainm an údair. Ionramháil Ábhair = 22 mharc

Nó

Dhá theicníocht a lua. Plé ar éifeacht na dteicníochtaí sin sa saothar.

(Scannán)

Teideal an scannáin agus ainm an stiúrthóra. Ionramháil Ábhair = 22 mharc

(b) Cuntas ar shaol beirt de na príomhphearsana.

(Úrscéal)

Teideal an úrscéil agus ainm an údair. Ionramháil Ábhair = 13 mharc

Nó

Léirú ar dhá ghné de mhórtéama an tsaothair

(Úrscéal)

Teideal an úrscéil agus ainm an údair. Ionramháil Ábhair = 13 mharc

Cumas Gaeilge - **(a)** agus **(b)** le chéile = 5 mharc

C. 1 = 40 marc (22 + 13 + 5)

Nóta: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 22 (Ábhar) agus as 13 (Ábhar) agus as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chúil ar an bhfreagarleabhar.

Ní bhronnfar marcanna ar theidil/ainmneacha údar a lua ach bainfear marcanna mura luaitear iad.

Ceist 2

- PRÓSTÉACS BREISE -

40 marc

[(a)(i) nó (a)(ii) nó (b)(i) nó (b)(ii) le déanamh as **A** nó **B** nó **C** nó **D**]

{ Ionramháil Ábhair = 35 mharc }
{ Cumas Gaeilge = 5 mharc }

35 + 5: C.2 = 40 marc

Nóta: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 35 (Ábhar) agus an marc as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir san ionad cúil ar an bhfreagarleabhar.

Freagair **A** (Filíocht Ainmnithe) **nó** **B** (Filíocht Roghnach) agus freagair **C** (Dánta Dualgais Breise).

A - FILÍOCHT AINMNITHE - (35 mharc)

Freagair (a) agus (b) anseo.

(a)

(i) Plé ar an bpríomhthéama agus mar a léirítear é.
(*Bímse Buan ar Buairt Gach Ló*) =11 mharc

(ii) An íomhá is mó a chuaigh i bhfeidhm ort agus an fáth.
(*Bímse Buan ar Buairt Gach Ló*) =6 mharc

(Ionramháil Abhair) = 17 marc

Nó

(i) An ráiteas a phlé: an chodarsnacht is bun leis an greann.
(*Gealt?*) =11 mharc

(ii) An chaoi a ndeachaigh an dán i bhfeidhm ort féin.
(*Gealt?*) =6 mharc

Ionramháil Ábhair = 17marc

(b)

Trácht **gairid** ar an téama agus ar léiriú an téama
(*Faoiseamh a Gheobhadhsa*) =13 mharc

Nó

Trácht **gairid** ar éifeacht na húsáide a bhaineann le dhá cheann as:
na mothúcháin; na híomhanna; an chodarsnacht; an t-atmaisféar:
(*Faoiseamh a Gheobhadhsa*) = 13 mharc

Freagair (a) **agus** (b) anseo.

(a)

- (i) Príomhthéama a phlé agus an chaoi a léirítear é. = 11 mharc
(Dán **seanaimseartha** le **fear**.)

(Teideal an dáin agus ainm an fhile).

- (ii) An íomhá is mó a chuaigh i bhfeidhm ort agus an fáth = 6 mharc
= 17 marc

Nó

- (i) “Is fearr na codarsnachtí ná na cosúlachtaí”. É sin a phlé. =11 mharc
(Dán **nua-aimseartha** le **bean**)

(Teideal an dáin agus ainm an fhile.)

- (ii) Plé ar an gcaoi a ndeachaigh an dán i bhfeidhm ort féin. =6 mharc
= 17 marc

(b)

- Dán **Nua-aimseartha** le **bean** agus nár roghnaíodh thuas: = 13 mharc
Plé ar na príomh-mhothúcháin ann.

(Teideal an dáin agus ainm an fhile)

Nó

- Dán **Nua-aimseartha** le **fear** agus nár roghnaíodh thuas:
Trácht ar íomhá amháin agus ar laige nó ar bhua amháin a bhain leis an dán. =13 mharc

(Teideal an dáin agus ainm an fhile)

NÓTA:- I gcás an chúrsa roghnaigh, gearrtar piónós de 1 mharc mura luaitear ainm an tsaothair/ dáin nó ainm an údair más ann dó.

C (35 mharc)

Freagair (a) nó (b) anseo

(a)

(i) “Léiriú éifeachtach ar ghrá an máthar i bhfianaise áilleacht agus dáinsear an tsaoil”. É sin a phlé. = 18 marc
(Dán do Mhelissa)

(ii) Mínigh na línte = 6 mharc

(iii) Éifeacht dhá chodarsnacht i léiriú an téama = 6 mharc

Ionramháil Ábhair = 30 marc

(b)

(i) Léiriú ar an bpríomhthéama ó thús go deireadh an dáin = 18 marc
(Oíche Nollaig na mBan)

(ii) Mínigh na línte = 6 mharc

(iii) Cur síos ar mheon an fhile = 6 marc

Ionramháil Ábhair = 30 marc

Cumas Gaeilge (A nó B agus C le chéile) = 10 marc

C.3 = 70 marc

Nóta: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 17 (Ábhar) agus as 13 (Ábhar) agus as 30 (Ábhar) agus as 10 (Gaeilge) a thaispeáint sna hionaid chuí ar an bhfreagarleabhar.

Ceist 4	- STAIR -	30 marc
----------------	------------------	----------------

Dhá cheann le déanamh as (a), (b), (c), (d), (e), (f).

13 + 12 (Eolas) móide 5 mharc ar an gCumas Gaeilge (sa dá cheann le chéile). = 30 marc.

Nóta: Caithfidh an Scrúdaitheoir Cúnta an marc a bhronntar as 25 (Eolas) agus an marc bhronntar as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir san ionad cuí ar an bhfreagarleabhar.

CLUASTUISCINT (100 marc)

{	(i)	Tuiscint	= 90 marc	}
{	(ii)	Cumas Gaeilge	= 10 marc	}
{	(iii)	Iomlán	= 100 marc	}

Cuid A: 30 marc (Eolas)

Fógra 1:	2 mharc X 5	=	10 marc
Fógra 2:	2 mharc x 5	=	10 marc
Fógra 3:	2 mharc X 5	=	10 marc
	10 + 10 + 10	=	<u>30 marc</u>

Cuid B: 40 marc (Eolas)

Comhrá 1:	2 mharc X 6	=	12 mharc
Comhrá 2:	2 mharc x 8	=	16 mharc
Comhrá 3:	2 mharc X 6	=	12 mharc
	12 + 16 + 12	=	<u>40 marc</u>

Cuid C: 20 marc (Eolas)

Píosa 1:	2 mharc x 3	=	6 mharc
Píosa 2:	2 mharc X 4	=	8 marc
Píosa 3:	2 mharc X 3	=	6 mharc
	6 + 8 + 6	=	<u>20 marc</u>

FÓGRA A hAON

1.(a) Cé dóibh an comórtas “Aiste sa Rang”?

do mhic léinn sa séú bliain (atá ag ullmhú don Ardteistiméireacht) = 2 don séú bliain = 2 do mhic léinn Ardteistiméireachta = 2 do mhic léinn = 1 do lucht léite Foinse = 1

(b) Luaigh **rud amháin** faoi ábhar na n-aistí.

topaiciúil agus spéisiúil = 2 topaiciúil = 2 spéisiúil = 2

2. Cén bhaint ata ag an gcomhlacht Microsoft leis an gcomórtas?

**(Is é Microsoft a dhéanfaidh) urraíocht (ar an gcomórtas) = 2
tabharfaidh siad airgead agus earraí Microsoft = 2 cuirfidh siad (luach) €500 d’earraí (Microsoft) ar fáil don scoil = 2
€500 d’earraí = 1 duais dhá chéad caoga euro le fáil ag gach buaiteoir = 1 duaiseanna = 1 €250 = 0 €500 = 0**

3.(a) Cá bhfuil an fhoirm iontrála le fail?

sa nuachtán (féin) = 2 Foinse = 2

(b) Cén duais a gheobhaidh scoil an bhuaiteora gach mí?

**earraí Microsoft = 2 €500 d’earraí = 1 foilseofar na duaisaistí in Foinse = 0 earraí = 0 €500 = 0 €250 = 0
Microsoft = 0**

FÓGRA A DÓ

1. Cé atá i bpáirt le Dell sa scéim scoláireachta seo?

Fondúireacht Eolaíochta na hÉireann = 2 Fondúireacht Eolaíochta = 1 Eolaíocht na hÉireann = 0 Fondúireacht na hÉireann = 0

2. Tabhair **dhá** phíosa eolais faoi na scoláireachtaí.

Fondúireacht Eolaíochta na hÉireann bainteach leis an scéim = 2 baint ag Dell leis = 2 cailíní = 2 10 scoláireacht = 2 innealtóireacht = 2 tríú leibhéal = 2 ag tosú i 2008 = 2 €2000 in aghaidh na bliana = 2 ceithre bliana = 2 ríomhaire ar fáil = 2 tréimhse taighde i saotharlann = 2 samhradh i saotharlann = 2 eolas ó scolairi@sfi.ie = 2 (glac le haon litriú le dealramh ar “scoláirí”) eolas ó scolairi ag sfi.ie = 2 ríomhaire = 0

3. (a) Seachas €2000 cad eile a gheobhaidh na daoine a roghnófar?

ríomhaire = 2 tréimhse taighde (i rith an tsamhraidh) i saotharlann (taighde acadúil sa stát) = 2 €6000 = 2 tréimhse taighde = 2 tréimhse i saotharlann = 2 samhradh i saotharlann = 2 post samhraidh = 0 saotharlann = 0 tréimhse sa stát = 0

3 (b) Conas is féidir eolas a fháil faoin scéim seo?

ríomhphost = 2 eolas ó scolairi@sfi.ie = 2 (glac le haon litriú le dealramh ar “scoláirí”) eolas ó scolairi ag sfi.ie = 2 idirlíon = 2

FÓGRA A TRÍ

1. Cén saghas comhlachta é Nemeton atá luaite san fhógra seo?

Comhlacht léirithe teilifíse = 2 léirithe = 2 teilifíse = 2

2. (a) Cén duine atá á lorg ag an gcomhlacht seo?

**fáilteoir = 2 rúnaí = 2 riarthóir = 2 (duine) fuinniúil = 2
in ann obair faoi bhrú = 2 obair as a stuaim féin = 2
Gaeilge labhartha agus scríofa de chaighdeán ard = 2
Gaeilge labhartha de chaighdeán ard = 2 Gaeilge scríofa de
chaighdeán ard = 2 rúnaíocht = 2 riarachán = 2 Gaeilge
labhartha agus scríofa = 2 Gaeilge líofa = 2 Gaeilge
labhartha = 1 Gaeilge scríofa = 1 Gaeilge mhaith = 1
Gaeilge = 0**

(b) Luaigh dualgas breise **amháin** a bheidh ar an duine a gheobhaidh an post.

**(dualgais bhreise) rúnaíochta = 2 rúnaí = 2 riaracháin = 2
riarthóir = 2**

3. (a) Cén cháilíocht atá riachtanach don phost?

**(duine) fuinniúil = 2 in ann obair faoi bhrú = 2 obair as a
stuaim féin = 2 Gaeilge labhartha agus scríofa de chaighdeán
ard = 2 Gaeilge labhartha de chaighdeán ard = 2 Gaeilge
scríofa de chaighdeán ard = 2 rúnaíocht = 2 riarachán = 2
Gaeilge labhartha agus scríofa = 2 Gaeilge líofa = 2
Gaeilge labhartha = 1 Gaeilge scríofa = 1 Gaeilge mhaith =
1 Gaeilge = 0**

3. (b) Cén dáta is déanaí atá luaite don iarratas?

**17ú Samhain 2008 = 2 17/11/2008 = 2 17ú Samhain = 1
17/11 = 1 Samhain 2008 = 0 Samhain = 0 2008 = 0**

COMHRÁ A hAON

An Chéad Mhír

1. Cá raibh Séamas i rith laethanta saoire na Cásca?

Spáinn = 2 Alicante = 2

2. Cad a bhí á dhéanamh ag a thuismitheoirí ann?

teach saoire a cheannach = 2 ag féachaint ar na tithe atá ar díol ann = 2 ag féachaint ar thithe = 2

3. Cén fáth a raibh Séamas cráite?

ag éisteacht leis an ceantálaí (ag moladh dóibh an teach seo nó an t-árasán siúd a cheannach) = 2 ag dul timpeall le ceantálaí = 1 cráite ag an gceantálaí = 1 ag éisteacht le duine/daoine = 2 ag éisteacht faoi thithe = 2 comhrá faoi thithe = 2 duine/daoine ag caint faoi thithe = 2 ag éisteacht leis = 1

An Dara Mír

1. Luaigh buntáiste amháin a bhaineann leis an bplean sin, dar le hOrlaith?

saoire ar bheagán costais am ar bith = 2 gan mórán trioblóide taisteal ann = 2 saoire ar bheagán costais = 2 saoire am ar bith = 2

2. (a) Tabhair fáth amháin nach maith le Séamas an plean.

b'fhearr leis taisteal go háiteanna difriúla (lena chairde) = 2 b'fhearr leis taisteal lena chairde = 2 b'fhearr leis an Fhrainc (ná an Spáinn mar go bhfuil an Fhraincis aige) = 2 ní maith leis an saghas sin saoire (beag ná mór) = 2 ní maith leis dul ar laethanta saoire lena thuismitheoirí = 2 is maith leis an Fhrainc = 0 ní maith leis an Spáinn = 0 tá Fraincis aige = 0

2. (b) Cén fáth a n-oirfeadh a leithéid de phlean do Orlaith, dar le Séamas?

an Spáinnis (ar a toil) aici = 2 eolas aici ar an tír = 2

COMHRÁ A DÓ

An Chéad Mhír

1. Cad a bhí ar siúl oíche aréir?

seó faisin = 2 seó = 0

2. Cad chuige an t-airgead a bailíodh, dar le Máire

naíonra/naolann nua = 2 naíonra/naolann taobh leis an nGaelscoil = 2 naíonra/naolann = 1

3. (a) Cad as a mbaineann Pól taitneamh nuair a bhíonn an t-airgead aige?

ceannaíonn sé éadaí = 2 éadaí deasa = 2 éadaí = 1

(b) Cén duine gaolmhar le Pól a bhí ag taispeáint éadaí na bhfear?

col ceathrair = 2

An Dara Mír

1. Luaigh deis (seans) amháin a bheadh ag Máire mar mhainicín, dar le Pól?

seans an domhan (mór) a fheiceáil = 2 airgead mór a dhéanamh = 2 ní bheidh saol leadránach agat = 2 airgead a dhéanamh = 1

2. Luaigh **dhá** rud a deir Máire faoi ghairm an mhainicín?

**an-chrua = 2 an-strus ag baint lei = 2 leamh / leadránach = 2
is beag mainicín a thuileann airgead mór = 2 suarach = 2
b'fhuath lei bheith ina mainicín = 2 Pól aineolach faoi = 1**

3. Cad ata ar intinn ag Máire a dhéanamh lena saol?

rud éigin fóna = 2 gan é a chaitheamh le suarachas = 2

COMHRÁ A TRÍ

An Chéad Mhír

1. (a) Cé ar a son a bhí Eibhlín ag díol na mbláthanna

Cumann Ailse na hÉireann = 2 Ailse na hÉireann = 1
Cumann Ailse = 1 Cumann na hÉireann = 0

(b) Cé mhéad duine a bhí ag díol na mbláthanna?

(thart ar) scór = 2 fiche = 2 20 = 2

2. Cén t-éacht a rinne siad, dar le Eibhlín?

bhailigh siad €10,000 (in aon lá amháin) = 2 €10,000 = 2
bhailigh (thart ar) scór suim mhór = 2 bhí (thart ar) scór ar an jab = 0

An Dara Mír

1. Cad a rinne cúpla duine, dar le Eibhlín?

chuir siad nóta caoga euro sa bhosca = 2 thug siad €50 = 2
thug siad airgead mór = 1 thug siad airgead = 0

2. Luaigh **rud amháin** a gcaithfear an t-airgead air, dar le Eibhlín

mionbhus (le daoine a thabhairt go dtí an t-ospidéal) = 2
daoine a thabhairt go dtí an t-ospidéal = 2 ospís = 2
banaltraí breise = 2 banaltraí le haire a thabhairt do dhaoine ina dtithe féin = 2 leapacha breise = 2 leapacha san ospís = 2
banaltraí = 1 leapacha = 1 minibhus = 1 daoine a thabhairt = 0

3. Luaigh **rud amháin** atá ag teastáil fós.

banaltraí breise = 2 banaltraí le haire a thabhairt do dhaoine ina dtithe féin = 2 leapacha san ospís = 2 leapacha breise = 2
2 banaltraí = 1 leapacha = 1

CUID C

PÍOSA A hAON

1. Cad a osclaíodh i mBaile Bhúirne le déanaí?

leabharlann (nua) = 2 An Stór = 0 foirgneamh = 0

2. (a) Cén léas a thóg an Chomhairle Chontae ar an bhfoirgneamh?

deich mbliana = 2 10 mbliana = 2 blianta = 0

(b) Luaigh áis amháin eile ata san fhoirgneamh seo?

**gruagaire = 2 siopa caife = 2 siopa leabhar = 2
an t-idirlíon leathanbhanda = 2 meaisín cóipeála = 2
leathanbhanda = 2 rogha leathan leabhar = 2 an t-idirlíon
= 1**

PÍOSA A DÓ

1. Cén t-ainm atá ar an dráma seo le Seán Ó Gráinne?

***Abair Amach É!* = 2 *Abair Amach* = 0 *Abair É* = 0 *Amach*
É = 0**

2. Luaigh rud amháin eile seachas drámaí a scríobhann Seán.

**amhráin = 2 lúibíní = 2 agallaimh bheirte = 2
agallaimh = 0**

3. (a) Cá fhad a thóg se ar Sheán an dráma a aistriú go Gaeilge?

6 seachtaine = 2

(b) Cathain a léireofar an dráma i mBaile Átha Cliath

**le linn Féile Náisiúnta Drámaíochta = 2 ag an bhféile
náisiúnta = 2 tar éis é bheith léirithe i nGaeltachtaí eile = 2
i rith an gheimhridh = 2 i ndiaidh an fhómhair = 2
i rith féile drámaíochta = 1 féile náisiúnta = 1 féile
drámaíochta = 0 náisiúnta drámaíochta = 0 sa bhfómhar = 2**

PÍOSA A TRÍ

1. Cad a bhí á cheiliúradh ag an Monsignor Carr agus ag muintir Ailt an Chorráin?

trí scór bliain caite aige mar shagart = 2 60 bliain ina shagart = 2 trí scór bliain = 0 an deireadh seachtaine = 0 7 mbliana mar shagart ar Árainn Mhór = 0 blianta mar shagart = 2 saol/tréimhse mar shagart = 2

2. Cén fáth ar thaisteal cuid de sheanphobal Árann Mhóir go hAlt an Chorráin?

**chaith sé seacht mbliana mar shagart ar Árainn Mhór = 2
bhí sé seacht mbliana ar Árainn Mhór = 2 chaith sé seacht mbliana = 2 seacht mbliana ar Árainn Mhór = 2 seacht mbliana = 1 lena meas air a thaispeáint = 2 meas air = 2
meas a thaispeáint = 2 meas = 1**

3. Luaigh **rud amháin** a thaispeánann nach bhfuil rian den tseanaois ar an Monsignor Carr?

**léigh sé an t-Aifreann gan spéaclaí = 2 níor shuigh sé (ag am ar bith) i rith an Aifrinn = 2 ní raibh aon spéaclaí air = 1
léigh sé an tAifreann = 0 níor shuigh sé = 0**

Triail Chluastuisceana: Téipscript 2008

M5A/7A

Cuid A

Fógra a hAon

Fógraíonn an nuachtán náisiúnta *Foinse* comórtas do mhic léinn sa séú bliain atá ag ullmhú don Ardteistiméireacht. **Aiste sa Rang** an t-ainm atá ar an gcomórtas seo. Comórtas míosúil a bheidh ann a leanfaidh ar feadh ceithre mhí, ó mhí na Samhna go mí Feabhra. Roghnófar ábhair do na haistí a bheidh topaiciúil agus spéisiúil. Is é Microsoft a dhéanfaidh urraíocht ar an gcomórtas. Beidh an fhoirm iontrála le fáil sa nuachtán féin i dtús gach míosa den chomórtas. Beidh duais dhá chéad caoga euro le fáil ag gach buaiteoir chomh maith le luach €500 d'earraí Microsoft don scoil agus foilseofar na duaisaistí in *Foinse*.

Fógra a Dó

Fógraíonn Fondúireacht Eolaíochta na hÉireann, i bpáirt leis an gcomhlacht ríomhaireachta **Dell**, scéim scoláireachtaí tríú leibhéal do chailíní. Bronnfar 10 scoláireacht ar chailíní a bheidh sásta agus cáilithe tabhairt faoi chéim innealtóireachta. Is féidir leo freastal ar aon institiúid tríú leibhéal in Éirinn. Beidh an cúrsa staidéir do na céimeanna seo ag tosú i mbliana, 2008. Bronnfaidh **Dell** liúntas €2,000 in aghaidh na bliana ar feadh ceithre bliana, mar aon le ríomhaire glúine, ar gach bean óg a roghnófar. Chomh maith leis sin socrófar tréimhse taighde dóibh i rith an tsamhraidh i saotharlann taighde acadúil sa stát. Tá gach eolas faoi na scoláireachtaí seo le fáil ach ríomhphost a chur go dtí scoláirí@sfi.ie

Fógra a Trí

Seo fógra ó **Nemeton** – an comhlacht léirithe teilifíse. Tá fáilteoir á lorg ag an gcomhlacht seo. Tá siad ag lorg duine fuinniúil d'oifig ghnóthach a bheidh in ann obair faoi bhrú agus as a stuaim féin. Is i gcathair Phort Láirge atá ceanncheathrú Nemeton suite agus is ann a bheidh an duine a cheapfar ag obair. Beidh dualgais bhreise rúnaíochta agus riaracháin ar an duine a gheobhaidh an post. Tá Gaeilge labhartha agus scríofa de chaighdeán ard riachtanach. Seol litir iarratais agus C.V. chuig: Fáilteoir, Nemeton, Bosca 500, Dún Garbhán, Contae Phort Láirge, roimh an 17ú Samhain 2008.

Cuid B Comhrá a hAon

Orlaith: Ní fhaca mé thú i rith laethanta saoire na Cásca, a Shéamais. Cá raibh tú?

Séamas: Bhí mé sa Spáinn, a Orlaith, le mo thuismitheoirí.

Orlaith: Ar saoire, an ea?

Séamas: Ní hea ar chor ar bith, a Orlaith. Ag féachaint ar thithe a bhí mé. Beidh mo thuismitheoirí ag dul ar pinsean go luath agus tá plean acu teach saoire a cheannach i sráidbhaile beag gar do Alicante. Teastaíonn uathu a bheith in ann an geimhreadh a chaitheamh ansin. Bhíomar ag féachaint ar na tithe atá ar díol ann.

Orlaith: Nárbh aoibhinn duit é! Cén chaoi ar thaitin an Spáinn leat, a Shéamais?

Séamas: Níor thaitin sé liom ar chor ar bith, a Orlaith! Bhíomar ag dul timpeall le ceantálaí agus bhí mé cráite ag éisteacht leis ag moladh dóibh an teach seo nó an t-árasán siúd a cheannach!

.....
Orlaith: Ach sin plean iontach, a Shéamais. Smaoinigh ar na buntáistí a ghabhann le teach saoire a cheannach sa Spáinn – saoire ar bheagán costais am ar bith is mian leat agus gan mórán trioblóide agat taisteal ann!

Séamas: Ó, ní thaitneodh an saghas sin saoire liom beag ná mór, a Orlaith! B’fhearr liomsa taisteal go háiteanna difriúla le mo chairde. Agus b’fhearr liom an Fhrainc ná an Spáinn mar go bhfuil an Fhraincis agam.

Orlaith: Tiocfaidh malairt intinne ort, a Shéamais, mise á rá leat! Is mó sos beag a bheidh ag teastáil uait sula mbeidh do chéim innealtóireachta agat!

Séamas: Dar ndóigh, d’oirfeadh a leithéid duitse, ceart go leor, a Orlaith! Tá an Spáinnis ar do thoil agat agus eolas agat ar an tír. B’fhéidir go dtógfaidh mé liom chun na Spáinne thú.

Orlaith: Cuir uait an smaoinemh, a dhuine! Ní raibh mé ach ag iarraidh comhairle a chur ort.

Comhrá a Dó

Pól: Haigh, a Mháire! Gabhaim comhghairdeas leat!
Rinne tú jab iontach mar mhainicín ag an seó faisin aréir!
An mainicín is deise ar fad is dóigh liom!

Máire: Bhuel, níl fhios agam faoi sin, a Phóil, ach bhailíomar €5,000 don naíonra nua taobh leis an nGaelscoil. Bhí slua mór i láthair nach raibh?

Pól: Bhí cinnte. Ceapaim féin go raibh 200 duine ann.

Máire: Thart ar an méid sin is dóigh liom. Ach cuireann sé iontas orm go raibh tusa ann! Cheap mé riamh nach raibh mórán suime agat i gcúrsaí faisin

Pól: Ní fíor sin, a Mháire! Ceannaím éadaí deasa nuair a bhíonn an t-airgead agam agus bainim an-taitneamh as! An bhfuil fhios agat go raibh col ceathair liom ag taispeáint éadaí na bhfear aréir?

Máire: Ní raibh, a Phóil! An é sin an buachaill atá thar a bheith dathúil?
.....

- Pól: Is é. Ach inis dom, a Mháire, ar mhaith leatsa bheith i do mhainicín?
- Máire: B'fhuath liom é, a Phóil – saol chomh crua, leamh, leadránach leis!
- Pól: B'fhéidir go bhfuil sé crua ach ní dóigh liomsa go bhfuil saol an mhainicín leadránach, a Mháire. Bheadh deiseanna iontacha agat, seans agat an domhan mór a fheiceáil agus airgead mór a dhéanamh!
- Máire: Is cruthú é sin, a Phóil, ar d'aineolas faoi shaol an mhainicín! Gairm an-chrua is ea í. Bíonn an-strus ag baint léi agus is beag mainicín a thuilleann airgead mór.
- Pól: Bíonn claonadh ionatsa, a Mháire, breathnú ar an taobh dorcha den scéal i gcónaí.
- Máire: Níl sé sin fíor in aon chor, a Phóil. Tá sé ar intinn agamsa rud éigin fóna a dhéanamh le mo shaol seachas é a chaitheamh le suarachas!

Comhrá a Trí

- Micheál: Haigh, a Eibhlín. Chonaic mé thú ag díol bláthanna ar an tsráid inné. Cé dó a raibh sibh ag bailiú an airgid?
- Eibhlín: Do Chumann Ailse na hÉireann, a Mhichíl. Bhí thart ar scór dinn ar an jab agus rinneamar éacht, mise á rá leat!
- Micheál: Inis dom é! Cé mhéad a bhailigh sibh?
- Eibhlín: Bhailíomar €10,000 san aon lá amháin, creid é nó ná creid! Bhí scata dinn ar dualgas os comhair gach ollmhargaidh, gach oifig mhór agus gach monarchan ar an mbaile.
- Micheál: Iontach! Agus deirtear go bhfuil muintir na hÉireann ag éirí leithleach! Sin bréagnú ceart ar an tuairim sin!
-
- Eibhlín: Is ea, gan amhras, a Mhichíl. Chuir cúpla duine nóta caoga euro i mo bhosca-sa! Sin féile duit, a bhuachail!
- Micheál: Bhuel, a Eibhlín, is comhartha aitheantais é sin ar an obair thábhachtach atá ar siúl agaibh. Ach inis seo dom – cad a dhéanfaidh sibh leis an airgead sin ar fad?

Eibhlín: Ceannóimid mionbhus, a Mhichíl, le daoine a thabhairt go dtí an t-ospidéal i nGaillimh. Agus rachaidh cuid den airgead don ospís chomh maith.

Micheál: Nár laga Dia sibh! Rinne sibh obair iontach, a Eibhlín.

Eibhlín: Bhuel, más maith is mithid! Tá cúpla rud eile ag teastáil. Fostófar banaltraí breise le haire a thabhairt do dhaoine ina dtithe féin; freisin cuirfear leapacha breise ar fáil san ospís anseo.

Micheál: Ádh mór ar an obair go léir; ba bhreá liom cuidiú libh i slí ar bith ar féidir liom mar is obair iontach ata ar siúl agaibh.

Cuid C

Píosa a hAon

Osclaíodh leabharlann nua i mBaile Bhuirne tamall ó shin. Is i bhfoirgneamh ar a dtugtar “An Stór”, i gceartlár an bhaile, atá an leabharlann nua suite. Bhí an foirgneamh seo ag an gcomhlacht *Dairygold* go dtí le fíordhéanaí. Seachas an leabharlann, tá gruagaire, siopa caife agus siopa leabhar san fhoirgneamh. Thóg Comhairle Chontae Chorcaí léas 10 mbliana ar an bhfoirgneamh don leabharlann. Tá gach aon áis nua-aimseartha le fáil ann – an t-idirlíon leathanbhanda agus meaisín cóipeála mar shampla, chomh maith le rogha leathan leabhar do dhaoine fásta agus do pháistí.

Píosa a Dó

Léiríodh dráma nua le Seán Ó Gráinne dar teideal, *Abair Amach É!*, i seanscoil Shailearna, i gConamara, le déanaí. Is údar aitheanta é Seán Ó Gráinne a scríobhann amhráin, lúibíní agus agallaimh bheirte. Ba iad Aisteoirí an Spidéil a léirigh an dráma agus glacadh go rímhaith leis. Scríobh Seán an dráma i mBéarla i dtosach agus thóg sé 6 seachtaine air an dráma a aistriú go Gaeilge. Tá súil ag Aisteoirí an Spidéil an dráma a léiriú i nGaeltachtaí eile sa tír i rith an fhómhair. Léireofar ina dhiaidh sin é ag an bhFéile Náisiúnta Drámaíochta i mBaile Átha Cliath.

Píosa a Trí

Bhí muintir Ailt a’ Chorráin in Iarthar Dhún na nGall ag ceiliúradh an deireadh seachtaine seo caite. Bhí siad ag tabhairt ómóis don Monsignor Daniel Carr a bhfuil trí scór bliain caite aige mar shagart i bparóistí éagsúla ar fud an Oirthuaiscirt. Chaith sé 7 mbliana mar shagart ar Árainn Mhór agus thaistil cuid de sheanphobal an oileáin go hAilt a’ Chorráin don ócáid lena meas air a thaispeáint. Tá an Monsignor 85 bliana d’aois ach níl rian ar bith den tseanaois air mar léigh sé an tAifreann gan spéaclaí a chur air agus níor shuigh sé ag am ar bith i rith an Aifrinn.

Tugadh an treoir seo a leanas do na scrúdaitheoirí ar fad:

Níor mhiste do gach Príomhscrúdaitheoir Comhairleach gach a leanann seo a chur in iúl do na Scrúdaitheoirí Comhairleacha. Níor mhiste do na Scrúdaitheoirí Comhairleacha é seo a leanas a chur in iúl dá Scrúdaitheoirí Cúnta:

Sa chás go dtagann scrúdaitheoir cúnta trasna ar script a bhaineann le hiarrthóir ar cuireadh socrúithe speisialta ó thaobh scrúdaithe de ar fáil dó/di

- níor mhór don scrúdaitheoir cúnta a chur in iúl dá scrúdaitheoir comhairleach go bhfuil a leithéid de script le marcáil aige/aici.
- caithfidh an scrúdaitheoir comhairleach a mhíniú don scrúdaitheoir cúnta go bhfuil gach gné den scéim mharcála faoi mar atá leagtha amach le cur i bhfeidhm ó thaobh mharcáil na scrípte de ach amháin nach mbeidh an litriú agus gnéithe áirithe den ghramadach san áireamh.

míneoidh an scrúdaitheoir comhairleach don scrúdaitheoir cúnta go mbeifear ag déanamh fiosruithe ina thaobh seo lena chinntiú go bhfuil an scéim mharcála á cur i bhfeidhm ag an scrúdaitheoir cúnta ina leithéid de chás faoi mar ba cheart.

